An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile – leanúint ar aghaidh leis an aistear


Tá an t-uasdátú seo dírithe ar gach bunscoil agus scoil speisialta agus tógann sé ar na nuashonruithe roimhe seo a seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus i mí na Samhna 2024.  Tá faisnéis ann faoi na nithe seo a leanas:

- Curaclam athfhorbartha na bunscoile a chur i bhfeidhm.
- Amlíne na tacaíochta.
- Tuilleadh eolais.
- Maoiniú d'acmhainní do scoileanna.
- Tuilleadh eolais.

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tar éis a cuid oibre a chríochnú le déanaí ar na réimsí curaclaim seo a leanas:

- Oideachas Ealaíon.
- Teanga (lena n-áirítear Nuatheangacha Iasachta).
- Oideachas Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM).
- Oideachas Sóisialta agus Comhshaoil.
- Folláine.

Tá siad seo á seoladh chuig an Aire Oideachais lena mbreithniú.




Fíor 1: Turas athfhorbartha an churaclaim

## 1. Curaclam athfhorbartha na bunscoile a achtú

Mar a luadh cheana, is próiseas céim ar chéim agus atá pleanáilte go cúramach a bheidh i dtabhairt isteach churaclam athfhorbartha na bunscoile. Aithnítear leis sin go dtógann sé am athrú suntasach a dhéanamh san oideachas.

Ag tógáil ar an tacaíocht fhairsing a chuir Oide agus an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) ar fáil go dtí seo do *Churaclam Teanga na Bunscoile* agus do *Churaclam Matamaitice na Bunscoile,* cuirfear tús le hachtú an churaclaim athfhorbartha ón scoilbhliain 2025/2026. Áireofar leis sin:

- Bliain tosaigh, ag díriú ar *Chreatchuraclam na Bunscoile.*
- Gach réimse curaclaim a achtú de réir a chéile thar dhá bhliain, agus achtú iomlán an réimse curaclaim ag deireadh an dara bliain.

Mairfidh an clár tacaíochta ar feadh 6 bliana ar a laghad. B'fhéidir gur mhaith le scoileanna bliain daingnithe roghnach a thógáil chun ligean dóibh machnamh a dhéanamh agus dul chun cinn a dhéanamh ar luas a oireann dá gcomhthéacs uathúil.

Is féidir le scoileanna a bhraitheann réidh sa bhliain acadúil 2025/2026 tosú ag obair le haon cheann de na sonraíochtaí curaclaim dá rogha féin. Aithníonn an cur chuige seo an cosán uathúil ar a mbíonn gach scoil agus na céimeanna éagsúla ullmhachta chun dul i ngleic leis an gcuraclam athfhorbartha.

**Nuatheangacha Iasachta**

Beidh nuatheangacha iasachta mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile* agus díreoidh siad ar fheasacht teanga agus ar inniúlacht teanga na bpáistí a fhorbairt.

- Ag céim 3 (rang a 3 agus rang a 4), díríonn torthaí foghlama na Nuatheangacha Iasachta ar fheasacht a chothú ar theangacha agus ar chultúir. Daingníonn sé sin an t-eolas atá ann cheana féin ar theanga/teangacha agus tógann sé bunús láidir chun **tríú teanga (T3) a fhoghlaim.** Tá sé ag teacht le forbairt cur chuige don scoil uile i leith feasacht teanga agus chultúrtha a mholtar i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* do dhaltaí ag gach céim sa bhunscoil.
- Ag céim 4 (rang 5 agus 6), chomh maith le feasacht ar theangacha agus ar chultúir a chothú, foghlaimeoidh na páistí cumarsáid a dhéanamh ag leibhéal an-bhunúsach go bunleibhéal i Rang T3).

Chun cur chuige cuimsitheach a chur chun cinn i leith foghlaim teangacha a chuireann ar chumas gach páiste a gcuid scileanna teanga agus cumarsáide a fhorbairt ar fud teangacha, tá Oide agus Teangacha Iar-bhunscoile Éireann (TIBÉ) ag obair le chéile chun clár cuimsitheach foghlama ghairmiúla a fhorbairt do mhúinteoirí. Díreoidh an clár seo ar na nithe seo a leanas:

- Tacú le comhtháthú na nuatheangacha iasachta i *gCuraclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum* níos leithne. (Oide)
- Tacaíochtaí a chur ar fáil maidir le feasacht teanga. (Oide)
- Acmhainní a chur ar fáil chun tacú le seachadadh Nuatheangacha iasachta. (Oide / TIBÉ)

- Tá foireann thiomnaithe saineolaithe anois ag TIBÉ/Languages Connect lena n-áirítear múinteoirí bunscoile chun gach rud a chur i dtreo le haghaidh sonraíocht na Nuatheangacha Iasachta a achtú i gcuraclam teanga na bunscoile. Déanfaidh an fhoireann:
  - Maoirseacht agus bainistiú ar chlár uasoiliúna teanga le soláthraithe lena n-áirítear Ionaid Tacaíochta Oideachais, Institiúidí Cultúrtha agus ambasáidí agus Institiúidí Ardoideachais, a chuirfidh deiseanna nua-aimseartha foghlama teangacha iasachta ar fáil thar roinnt blianta chun uas-sciliú a dhéanamh ar mhúinteoirí i réimse teangacha.
  - Acmhainní a fhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm ghné na hinniúlachta teanga den tsonraíocht.
  - Sa ghearrthéarma, leanúint ar aghaidh le gach rud a chur i dtreo le haghaidh Nuatheangacha Iasachta a achtú trí chreat tacaíochta do mhúinteoirí agus do scoileanna tríd an gclár *Say Yes to Languages.* Beidh páistí i ranganna 5 agus 6 mar fhócas an chláir seo agus scoileanna ag ullmhú chun nuatheangacha iasachta a thabhairt isteach
- Foghlaim ghairmiúil shaincheaptha a chur ar fáil do mhúinteoirí i scoileanna speisialta (CNOS)

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi Churaclam Teanga na Bunscoile – lena n-áirítear Nuatheangacha Iasachta (NTI) – Ceisteanna Coitianta a fhoilsítear in éineacht leis an teachtaireacht seo.

## 2. Amlíne na tacaíochta

Mairfidh an clár tacaíochta ar feadh 6 bliana ar a laghad. Cuirfear tús leis an tacaíocht i dtéarma 3 den scoilbhliain 2024/2025 le físeán idirghníomhaireachta.

Cuirfidh Oide agus an CNOS foghlaim ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile ag tosú sa scoilbhliain 2025/2026. Éascóidh Oide foghlaim ghairmiúil do gach bunscoil agus is é an CNOS a dhéanfaidh an éascaitheoireacht i ngach scoil speisialta. Tacóidh an fhoghlaim ghairmiúil le:

- Múinteoirí agus ceannairí scoile lena dtuiscint a fhorbairt ar na teachtaireachtaí uileghabhálacha ó *Chreatchuraclam na Bunscoile.*
- Múinteoirí agus ceannairí scoile lena dtuiscint a fhorbairt ar réimsí nua an churaclaim agus lena n-achtú.
- Ceannairí scoile agus ceannairí curaclaim chun athrú curaclaim a threorú i gcomhthéacs a scoile féin.

Éascófar é trí laethanta dúnta don scoil uile, tacaíocht leanúnach ionscoile agus tacaíochtaí breise ar líne.

### (i) Téarma 3 Scoilbhliain 2024/2025 - Físeán idirghníomhaireachta do cheannairí scoile

Le linn an tríú téarma den scoilbhliain seo, foilseoidh Oide físeán eolais do cheannairí scoile. Dáilfear an físeán trí ríomhphost ar gach bunscoil agus scoil speisialta.

Soláthróidh an físeán na nithe seo a leanas do cheannairí scoile:

- Tacaíocht ón CNCM chun tosú ag dul i dtaithí ar *Chreatchuraclam na Bunscoile*, tuiscint a fháil ar an bhfís, na prionsabail, na príomhinniúlachtaí agus na himpleachtaí a bhaineann leis dá scoil féin.
- Sonraí ó rannóga Bunscoile agus Ceannaireachta Oide maidir leis an tacaíocht atá ar fáil sna scoilbhlianta amach romhainn agus sna blianta scoile ina dhiaidh sin.
- Treoir ón CNOS maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna speisialta.
- Uasdátú ón bPríomhchigire.

### (ii) Scoilbhliain 2025/2026 - Fócas ar *Chreatchuraclam na Bunscoile*

An tosaíocht a bheidh ann ná naisc fhiúntacha a chruthú ar fud réimsí foghlama, rud a chuirfidh cur chuige comhtháite chun cinn a thagann le treoirphrionsabail an churaclaim. Spreagfar gach múinteoir chun iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige oideolaíocha atá páistelárnach a thacaíonn le foghlaim ghníomhach agus le forbairt leathan eolais, scileanna, meonta, luachanna agus dearcthaí.

Cuirfidh Oide/CNOS an fhoghlaim ghairmiúil seo a leanas ar fáil:

- **Ceannairí scoile**
  Cuirfear tacaíocht ar fáil do cheannairí scoile maidir le conas athrú curaclaim a threorú. Áirítear seimineáir ghréasáin ar líne, clinicí buail isteach rialta agus tacaíocht ionscoile mar chuid den tacaíocht seo.

- **Rannpháirtíocht na scoile uile**
  Éascóidh Oide 2 lá dúnta scoile uile chun bunghnéithe na sonraíochtaí curaclaim trí *Chreatchuraclam na Bunscoile* a chur i láthair do gach bunscoil. Éascóidh an CNOS 2 lá dúnta scoile uile do gach scoil speisialta.

  Tá sé beartaithe go mbeidh an chéad lá dúnta i dtéarma 2 agus an dara lá dúnta i dtéarma 3.

  Déanfaidh an 2 lá d'fhoghlaim ghairmiúil seo iniúchadh ar na nithe seo a leanas:
  - Réasúnaíocht don churaclam athfhorbartha.
  - Bunphrionsabail an churaclaim athfhorbartha.
  - Príomhinniúlachtaí an churaclaim athfhorbartha.
  - Príomhchuir chuige oideolaíocha a chuimsíonn an fhís don fhoghlaim, teagasc agus measúnú sa churaclam athfhorbartha.

Tá an bhliain tosaigh seo ríthábhachtach chun bunús láidir a bhunú, rud a ligfidh do gach múinteoir i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta struchtúr an churaclaim níos leithne a thuiscint agus a ghlacadh chucu féin sula dtosóidh siad ag plé le sainréimsí churaclam na bunscoile.

2 lá iomlána foghlama gairmiúla don scoil uile chun tacú le tabhairt isteach *Chreatchuraclam na Bunscoile*

Foghlaim ghairmiúil ar líne (seimineár gréasáin agus clinicí buail isteach) do cheannairí scoile maidir le *Creatchuraclam na Bunscoile* a achtú.



Leantar leis an *tacaíocht ionscoile do* Churaclam Matamaitice na Bunscoile.

Fíor 2: Tacaíochtaí sa scoilbhliain 2025/2026

## (iii) Scoilbhliain 2026/2027

### Tacaíocht do Cheannairí

Beidh tacaíocht thiomnaithe ionscoile agus ar líne ann do cheannairí scoile le linn an phróisis ina mbeidh fócas ar athrú curaclaim a threorú agus a bhainistiú. Cuirfidh Oide foghlaim ghairmiúil iomlán lae ar fáil do cheannairí scoile maidir le hathrú curaclaim a threorú. Chomh maith leis sin, beidh foghlaim ghairmiúil iomlán lae ar siúl do cheannairí scoile (suas le triúr ag freastal ó gach scoil) maidir le tabhairt isteach na Nuatheangacha Iasachta mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile/Primary Language Curriculum.*

### Rannpháirtíocht na scoile uile

Éascóidh Oide/CNOS dhá lá dúnta scoile don scoil uile:

- **An chéad lá dúnta don scoil uile**
  Ar an gcéad lá dúnta scoile seo don scoil uile in 2026/27, tógfar ar an bhfoghlaim ghairmiúil a rinneadh in 2025/2026 agus forbrófar í chun freagairt do riachtanais na scoileanna tar éis na bliana tosaigh tacaíochta. Tacóidh sé le rannpháirtíocht níos doimhne na múinteoirí agus na gceannairí scoile leis na teachtaireachtaí uileghabhálacha maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú i sonraíochtaí nua an churaclaim. D'fhéadfaí deiseanna a bheith ann chun iniúchadh a dhéanamh ar réimsí amhail cuir chuige oideolaíocha atá páistelárnach chun tacú le forbairt na dTorthaí Foghlama i ngach réimse curaclaim.

- **An dara lá dúnta don scoil uile**
  Cuirfidh sé seo foghlaim ghairmiúil ar fáil don fhoireann iomlán ar Fheasacht Teanga maidir le comhtháthú nuatheangacha iasachta i *gCuraclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum.* (sonraí leagtha amach thíos)

**Tacaíocht ionscoile**
Cuirfidh Oide/CNOS tacaíocht ionscoile ar fáil do gach ceann de na réimsí curaclaim ó Mheán Fómhair 2026. Tabharfar cuireadh do scoileanna roinnt réimsí curaclaim is fearr leo féin a roghnú ar bhonn bliantúil. Cabhrófar le scoileanna rochtain a fháil ar fhoghlaim ghairmiúil i gceann de na réimsí roghnaithe atá acu gach bliain, faoi réir acmhainneacht Oide/CNOS.

Ón scoilbhliain 2026/2027 ar aghaidh, cuirfear tús le tacaíocht shaincheaptha ionscoile agus is féidir le scoileanna suas le 3 chuairt scoile a iarraidh a éascóidh Oide/CNOS, de réir rogha réimsí curaclaim na scoile.

**(iv) Nuatheangacha Iasachta 2026/27**

**Déanfaidh Oide:**
díriú ar fhoghlaim ghairmiúil a chur ar fáil i bhFeasacht Teanga, oideolaíocht, agus comhtháthú Nuatheangacha Iasachta mar chuid de Churaclam Teanga na Bunscoile, ag cinntiú go dtacófar le gach múinteoir agus le gach ceannaire scoile i mbunscoileanna agus iad ag obair leis an tsonraíocht nua. Tabharfaidh sé sin deis chun:

- A dtuiscint ar *Churaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum* a iniúchadh agus a fhorbairt lena n-áireofar nuatheangacha iasachta.
- Iniúchadh a dhéanamh ar chuir chuige cheannaireachta i leith achtú NTI mar chuid de *Churaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum* ag leibhéal na scoile uile agus an ranga do Chéim 3 agus do Chéim 4.
- Naisc shoiléire a bhunú leis na cleachtais atá ann cheana laistigh de *Churaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum.*
- Cur chuige don scoil uile a fhorbairt i leith na foghlama faoi Fheasacht Teanga agus príomhréimsí amhail leanúnachas agus dul chun cinn le fiosrú.

Foghlaim ghairmiúil a chur ar fáil chun tacú leis na laethanta dúnta don scoil uile chun:

- Cuir chuige oideolaíocha a iniúchadh chun tacú le Ag Cur Leis an bhFeasacht ar Theangacha agus ar Chultúir a chur i bhfeidhm ar fud na scoile chun aird a tharraingt ar an gcaoi ar féidir le cur chuige ilteangach tacú le foghlaim teanga do gach dalta i ngach rang.
- An chumhacht a thabhairt do Mhúinteoirí *Curaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum,* lena n-áirítear na Nuatheangacha Iasachta, a chur i bhfeidhm, agus eolas agus uirlisí a thabhairt do mhúinteoirí chun gur féidir leo brí agus anam a chur ann ina seomra ranga.

**Maidir le CNOS:**

- Leanfaidh siad orthu ag soláthar tacaíochta i bhfoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile i ngach scoil speisialta. Díreoidh an CNOS ar chur chuige cuimsitheach a chur chun cinn i leith foghlaim teangacha a chuirfidh ar chumas gach páiste a gcuid scileanna teanga agus cumarsáide a fhorbairt ar fud teangacha, lena n-áirítear nuatheangacha iasachta, nuair is cuí.


**Maidir le TIBÉ:**

- Leanfaidh siad orthu ag soláthar na ndeiseanna scilbhisithe mar atá leagtha amach thuas.

Lá foghlaim ghairmiúil don scoil uile ar fheasacht teanga don fhoireann ar fad chun tacú le Nuatheangacha Iasachta a thabhairt isteach.

Lá don scoil uile chun tacú le rannpháirtíocht níos doimhne leis na teachtaireachtaí uileghabhálacha a bhaineann le foghlaim, teagasc agus measúnú.

Foghlaim ghairmiúil ar líne (clinic buail isteach) do cheannairí scoile maidir le curaclam na bunscoile a achtú.



2 lá iomlána foghlama gairmiúla do cheannairí scoile chun tacú le hathrú curaclaim a threorú agus a bhainistiú.


Tacaíocht ionscoile do churaclam na bunscoile agus don cheannaireacht

Fíor 3: Tacaíochtaí sa scoilbhliain 2026/2027

**(v) 2027 go 2029**

Leanfaidh Oide agus an CNOS ar aghaidh ag soláthar foghlaim ghairmiúil do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta, lena n-áirítear ar bhonn na scoile uile, de réir mar a leanann scoileanna orthu ag achtú na sonraíochtaí curaclaim.

Beidh na tacaíochtaí leanúnacha a sholáthraíonn TIBÉ maidir le huasoiliúint teanga agus forbairt acmhainní ina gcuid thábhachtach den aistear foghlama gairmiúla maidir le Nuatheangacha Iasachta freisin.




Fíor 4: Tacaíochtaí in 2027 go 2029

**(vi) 2029 ar aghaidh**

Ó 2029 ar aghaidh, leanfaidh Oide agus an CNOS ar aghaidh ag soláthar foghlaim ghairmiúil chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile le gach ceann de na sonraíochtaí curaclaim a achtú. Leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag cur uasoiliúint teanga ar fáil mar atá leagtha amach thuas.

Leanfaidh TIBÉ ar aghaidh ag cur foghlaim ghairmiúil ar fáil trí uasoiliúint teanga agus forbairt acmhainní mar atá leagtha amach thuas.

## 3. Tuilleadh Eolais

Leanfaidh Oide ar aghaidh le tacaíocht a chur ar fáil do *Churaclam Teanga na Bunscoile/ Primary Language Curriculum* agus do *Churaclam Matamaitice na Bunscoile* do bhunscoileanna agus déanfaidh CNOS amhlaidh do scoileanna speisialta. Áirítear leis sin forbairt acmhainní ar líne, amhail Tacair Uirlisí CNCM, a gcuirtear leo ar bhonn leanúnach.

De réir mar a théann muid ar aghaidh, beidh cumarsáid rialta/leanúnach ann chun tacú le múinteoirí agus le ceannairí scoile, chomh maith le cumarsáid do thuismitheoirí/ chaomhnóirí agus do dhaltaí.

Cuirfear na nithe seo a leanas ar fáil chun tacaíocht éifeachtach a chinntiú maidir le tabhairt isteach agus achtú an churaclaim bunscoile ina iomláine:

- **Sonraíochtaí an churaclaim a thabhairt chun críche**
  Tá na sonraíochtaí curaclaim don athfhorbairt faofa ag Comhairle CNCM. Tá sé i gceist go bhfoilseofar na sonraíochtaí i mí Mheán Fómhair 2025.

  Dáilfear cóip de shonraíochtaí an churaclaim do gach ceannaire scoile agus múinteoir, ar gach bunscoil agus scoil speisialta tar éis a bhfoilsithe.

  Tá Tacair Uirlisí curaclaim ar líne do gach ceann de na sonraíochtaí á bhforbairt. Déanfar na huirlisí sin a uasdátú go leanúnach sna blianta amach romhainn.

- **Pleanáil d'achtú curaclaim na scoile uile**
  Tá treoir á forbairt ag an Roinn Oideachais chun tacú le ceannairí agus le múinteoirí scoile agus iad ag pleanáil d'achtú an churaclaim ar fud na scoil uile. Tá tacaíocht á tabhairt dó sin ag CNCM, Oide, CNOS, ceannairí scoile agus múinteoirí. Cuirfear an t-eolas is déanaí air sin, lena n-áireofar amlíne foilsithe, sa chéad teachtaireacht eile chuig scoileanna

## 4. Maoiniú d'acmhainní do scoileanna

Cuireadh infheistíocht shuntasach de €9 milliún ar fáil do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta ag deireadh 2024. Rinneadh é sin lena chinntiú go mbíonn acmhainní agus ábhair riachtanacha ag scoileanna chun curaclam a chur ar fáil a fhreastalaíonn ar riachtanais gach foghlaimeora. Bhí an chéad cheann de na deontais dírithe go sonrach ar thacaíocht a thabhairt do réimsí an oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) agus oideachas Ealaíon.

Beidh maoiniú ilbhliantúil ann chun tacú le gach réimse den churaclam, agus beidh leithdháiltí amach anseo ag brath ar chúinsí buiséadacha agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn de réir mar a chuirimid an curaclam i bhfeidhm ar fud na tíre.

Léiríonn an infheistíocht seo tiomantas leanúnach na Roinne d'fheabhas a chur ar an mbunoideachas agus tacú le gach bunscoil agus scoil speisialta curaclam láidir, leathan atá aoisoiriúnach a chur ar fáil.

## 5. Eolas breise

Leathfaidh an Roinn Oideachais Nósanna Imeachta nua um Chosaint Leanaí amach go luath. Ionas gur féidir le gach bunscoil agus scoil speisialta dul i ngleic leo sin, i dtéarma 1 de 2025 / 2026, cuirfear na tacaíochtaí seo a leanas ar fáil:

- Foghlaim ghairmiúil do Theagmhálaíthe Ainmnithe agus do Leas-Teagmhálaíthe Ainmnithe maidir leis na Nósanna Imeachta nua um Chosaint Leanaí.

- Lá foghlama gairmiúla don scoil uile do gach ball foirne (teagaisc agus neamhtheagaisc) ar na Nósanna Imeachta nua um Chosaint Leanaí.

Mark Bohan
Príomhoifigeach
An tAonad Polasaí Curaclaim agus Measúnachta

10 April 2025